



Tuarascáil um Chearta Bunúsacha, 2019

Tuairimí ó FRA

Sa bhliain 2018, tógadh céimeanna chun tosaigh agus céimeanna siar araon i ndáil le cearta bunúsacha a chosaint. Déantar athbhreithniú sa Tuarascáil um Chearta Bunúsacha, 2019 ó FRA (Gníomhaireacht um Chearta Bunúsacha) ar na mórfhorbairtí san earnáil, agus sainaithnítear inti freisin na héachtaí a baineadh amach agus na rudaí ar ábhair imní iad go fóill. San fhoilseachán seo, cuirtear i láthair tuairimí ó FRA faoi na príomhfhorbairtí sna réimsí téamacha a chumhdaítear agus déantar achoimre ar an bhfianaise a thacaíonn leis na tuairimí sin. Ar an gcaoi sin, tugtar forbheathnú gairid, ach faisnéiseach, ar na príomhdhúshláin i dtaca le cearta bunúsacha atá roimh AE agus na Ballstáit.

Ábhar

FOCUS	1 Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe in AE a chur chun feidhme: ceist a bhaineann le cearta an duine agus cearta bunúsacha	2
	2 Cairt AE um Chearta Bunúsacha agus a leas as a mbaineann Ballstáit	5
	3 Comhionannas agus neamh-idirdhealú	6
	4 Ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar	9
	5 Lánpháirtíú na Romach	11
	6 Tearmann, víosaí, imirce, teorainneacha agus lánpháirtíú	13
	7 An tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí	15
	8 Cearta an Linbh	17
	9 Rochtain ar cheartas, lena n-áirítear cearta d'íospartaigh na coireachta	19
	10 Forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas	21

1 Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe in AE a chur chun feidhme: ceist a bhaineann le cearta an duine agus cearta bunúsacha

Sa chaibidil seo scrúdaítear an t-idirghaol idir an creat um chearta an duine agus cearta bunúsacha agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) Chlár Oibre domhanda 2030 i gcomhthéacs bheartais inmheánacha de chuid na mBallstát agus de chuid AE. Dírítear inti ar na SDGanna a bhaineann le neamhionannas a laghdú (SDG 10) agus síocháin, ceartas agus institiúidí láidre a chur chun cinn (SDG 16). Leagtar béim sa chaibidil ar an tábhacht a bhaineann le sonraí imdhealaithe a bhailiú ar ghrúpaí daonra ar deacair teacht orthu chun beartais atá bunaithe ar fhianaise, spriocdhírithé agus géilliúil do chearta a fhorbairt ar beartais iad a chuidíonn le gach duine a chumasú, go háirithe iad siúd is mó atá i mbaol go bhfágfaí ar gcúl iad. Scrúdaítear sa chaibidil freisin an chaoi a bhfuil AE agus a Bhallstáit ag déanamh obair iardain i dtaca lena dtiomantas cur chuige atá bunaithe ar chearta a leabú i leith na forbartha inbhuanaithe; féachtar sa chaibidil ar uirlisí comhordaithe beartais agus ar ionstraimí airgeadais ar féidir leo cuidiú le cur chun feidhme SDG a chur chun cinn agus cearta bunúsacha á n-urramú go hiomlán; agus cuirtear béim sa chaibidil ar an tábhacht a bhaineann le hinstiúidí náisiúnta um chearta an duine, comhlachtaí comhionannais agus institiúidí Ombudsman, chomh maith le húdaráis áitiúla, pobail ghnó agus an tsochaí shibhialta, chun gné chearta an duine na SDGanna a phríomhshruthú.

Tá na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus cearta an duine agus cearta bunúsacha comhlántach ina gcoíchuspóir, is é sin leas gach duine a chur chun cinn. Cé gur clár oibre beartais coincreíteach agus spriocdhírithé domhanda iad na SDGanna chun bearta na stát agus bearta gníomhaíthe eile, lena n-áirítear AE, a threorú, is éard atá i gcearta an duine agus cearta bunúsacha creat normatach cuimsitheach lena gcruthaítear oibleagáidí dlíthiúla agus cuntasacht. Is ar chearta an duine agus cearta bunúsacha atá na SDGanna bunaithe agus féachann siad leis na cearta sin a bhaint amach. San am céanna, is cur chuige atá bunaithe ar chearta i leith na SDGanna is fearr atá in ann chun cur chun feidhme na spriocanna forbartha a chur chun cinn.

Tá gné dhíreach nó indíreach le cearta bunúsacha ag gach SDG agus tá siad uile ceangailte le chéile. Tá gné na gceart, áfach, níos suntasaí i gcuid acu — amhail SDG 10, a bhaineann le neamhionannas a laghdú; agus SDG 16, a bhaineann le síocháin, ceartas agus institiúidí láidre a chur chun cinn. Chuige sin, baineann cur chun feidhme agus tomhas SDGanna 10 agus 16 freisin le cearta an duine agus cearta bunúsacha a chumhdaítear in ionstraimí idirnáisiúnta um chearta

an duine agus i gCairt AE um Chearta Bunúsacha a chur chun feidhme agus a thomhas, mar shampla an ceart chun dínit an duine, neamh-idirdhealú agus comhionannas os comhair an dlí agus idir mná agus fir, an ceart chun na beatha agus sláine an duine, an ceart chun slándáil shóisialta agus cúnaimh sóisialta, nó cearta a bhaineann le rochtain ar an gceartas.

Sna sonraí a sholáthraíonn Eurostat, lena n-áirítear sonraí FRA ar fhoréigean i gcoinne na mban, agus sonraí breise arna dtiomsú agus arna n-anailísiú ag FRA ar ghrúpaí daonra ar deacair teacht orthu, amhail mionlaigh eitneacha nó creidimh, inimircigh, nó daoine LADTI, léirítear an gá le feabhas a chur ar iarrachtaí chun na SDGanna a chur chun feidhme go hiomlán. Tá neamhionannas, go háirithe neamhionannas ioncaim, tar éis méadú le blianta beaga anuas. Cé gur dealraitheach gur tháinig deireadh leis an méadú sin le déanaí, mar thoradh ar an ardú foriomlán ar neamhionannas ioncaim tá dúshlán níos mó ann maidir le cearta bunúsacha a bhaint amach ar bhonn comhionann, go háirithe do ghrúpaí den phobal atá faoi mhíbhuntáiste. San am céanna, tá an t-idirdhealú agus an ciapadh, agus freisin an foréigean in aghaidh daoine ar fhorais

idirhealaitheacha, chomh maith leis an bhforéigean i gcoinne na mban, ina ngné fhírinneach de shaol sciar shuntasach de phobal AE. Ina theannta sin, táthar ag tabhairt dhúshlán na hurraime don smacht reachta ar bhealaí nach mbíodh ann roimhe seo.

Chun dul i ngleic leis an réaltacht seo agus chun SDGanna a bhaint amach agus iad ag teacht le hoibleagáidí a ghabhann le cearta bunúsacha, tá uirlisí áirithe ag AE agus ag na Ballstáit, amhail reachtaíocht láidir in aghaidh idirdhealú agus beartais éagsúla eárnála. Mar sin féin, níor tugadh i láthair go foirmiúil fós straitéis fhoriomlán AE maidir le forbairt inbhuanaithe chuimsitheach atá bunaithe ar chearta, amhail an ceann a mhol ardán ilpháirtithe leasmhara de chuid AE maidir le SDGanna don tréimhse tar éis 2020. Maidir leis seo, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach páipéar machnaimh go luath in 2019, ag tabhairt isteach trí chás fhéideartha do straitéis dá leithéid chun tús a chur leis an díospóireacht. Tar éis an pháipéir machnaimh seo, ghlac Comhairle an Aontas Eorpach a Conclúidí i mí Aibreáin 2019 “I dtreo Aontas atá níos inbhuanaithe fós”.

Is féidir ról tábhachtach a bheith ag meicníochtaí éifeachtacha faireacháin agus comhordaithe beartais, amhail an Seimeastar Eorpach, maidir le cur chun feidhme na SDGanna, iad ag tarraingt ar shonraí ó Scórchláir Cheartais agus Shóisialta de chuid AE. Go dtí seo, áfach, ní chuireann moltaí a glacadh agus a bhaineann go sonrach le tír ar leith i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh san áireamh go sainráite an clár oibre SDG ná na ceanglais ábhartha maidir le cearta bunúsacha.

Uirlis thábhachtach eile is ea úsáid Chistí AE. Nasctar le tograí a rinne an Coimisiún Eorpach le déanaí cistiú AE amach anseo i gcomhthéacs an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil nua (buiséad AE) don tréimhse 2021-2027 le coinníollachtaí a bhaineann le cearta (“coinníollacha cumasúcháin”), amhail urramú agus cur chun feidhme an Chairt AE um Chearta Bunúsacha. Thairis sin, tá bealaí beartaithe ag an gCoimisiún chun buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit.

Chun saineolas a urramú agus a chur chun cinn, agus ag an am céanna na SDGanna agus an tiomantas uileghabhálach gan aon duine a fhágáil ina dhiaidh a chur chun cinn, teastaíonn saineolas chomh maith le sonraí leordhóthanacha dídealaithe. Ní bhíonn na sonraí sin ar fáil i gcónaí. Thairis sin, fiú nuair a bhíonn siad ar fáil, ní chuirtear san áireamh iad i gcónaí.

Ag an leibhéal náisiúnta, le cur chun feidhme SDGanna atá bunaithe ar chearta, bhainfí tairbhe as rannpháirtíocht atá níos struchtúrtha agus níos córasaí institiúidí náisiúnta um chearta an duine, comhlachtaí comhionannais agus institiúidí Ombudsman, an rialtais áitiúil, comhpháirtithe sóisialta, gnólachtaí agus na sochaí sibhialta i dtaca le meicníochtaí comhordúcháin agus faireacháin SDGanna, chomh maith le coistí faireacháin de chuid Chistí AE. Chuideodh rannpháirtíocht den sórt sin freisin le hinstitiúidí a neartú agus dá bhrí sin le cur chun feidhme an SDG a bhaineann le síocháin, ceartas agus institiúidí láidre (SDG 16) a chur chun cinn.

Ina theannta sin, is beag leas atá á bhaint fós féin as an gcion a d'fhéadfadh a bheith á dhéanamh ag institiúidí náisiúnta um chearta an duine, ag comhlachtaí comhionannais agus ag institiúidí Ombudsman i dtaca le bailiú agus anailísiú sonraí a bhaineann le SDG agus le cearta bunúsacha ó thaobh grúpaí daonra ar deacair teacht orthu. I gcomhar le húdarais staidrimh náisiúnta agus ag tarraingt ar a gcuid oibre laethúla, chomh maith le saineolas agus cúnamh teicniúil FRA sa réimse seo, d'fhéadfaidís a gcion suntasach féin a dhéanamh ina leith seo.

Tuairim 1.1 ó FRA

Ba cheart d'institiúidí AE a chinntiú go léirítear in aon straitéis AE amach anseo don fhás inbhuanaithe, de réir mar is cuí, gach SDG agus gach sprioc atá leagtha síos ag Clár Oibre 2030 domhanda, lena n-áirítear an SDG a bhaineann le neamhionannas a laghdú (SDG 10) agus an SDG a bhaineann le síocháin, ceartas agus institiúidí láidre a chur chun cinn (SDG 16). Ba cheart go gcuirfidh straitéis den sórt sin príomhshruthú agus cur chun feidhme SDGanna chun cinn, ag admháil go bhfuil dlúthnaisc idir na 17 SDG agus cearta bunúsacha, mar atá cumhdaithe i gCairt AE um Chearta Bunúsacha. Ba cheart do Bhallstáit AE cur chuige comhchosúil a ghlacadh agus a straitéisí forbartha inbhuanaithe nó a bpleananna gníomhaíochta á ndearadh nó á leasú acu.

Tuairim 1.2 ó FRA

Ba cheart go dtabharfar san áireamh i dtimthriall beartais an tSeimeastair Eorpaigh de chuid AE, go háirithe measúnú an Choimisiúin Eorpaigh agus na moltaí a bhaineann le tíortha faoi leith go sonrach, Clár Oibre domhanda 2030 agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a ghabhann leis, mar aon leis na hoibleagáidí ábhartha um chearta an duine agus cearta bunúsacha atá cumhdaithe i gCairt AE um Chearta Bunúsacha agus sa dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Ina leith seo, mar shampla, d'fhéadfaidh go gcuirfear san áireamh ina gcuid breithniúchán na moltaí a bhaineann go sonrach le tír ar leith na naisc idir iad féin agus cur chun feidhme SDGanna sonracha agus urraim fhorálacha na Cairte AE.

Tuairim 1.3 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE an tsochaí sibhialta ina cuid foirmeacha go léir agus ina cuid leibhéal go léir a dhéanamh rannpháirteach i dtabhairt i gcrích SDGanna. Ina thaobh seo, d'fhéadfaidís a machnamh a dhéanamh ar mhúnla ardán il-gheallsealbhóra ardleibhéal an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe mar shampla spreagúil. Ina theannta sin, d'fhéadfaidís plé a dhéanamh ar chuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí cur chun feidhme agus faireacháin SDG, chomh maith le bearta a ghlacadh chun iad a chumasú trí oiliúint agus trí chistiú atá bunaithe ar threochlár coincreiteach chun iad a chur chun feidhme.

Tuairim 1.4 ó FRA

Ba cheart don reachtóir AE an coinníoll nua cumasúcháin a ghlacadh lena gcumhdaítear cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme éifeachtach na Cairte AE um Chearta Bunúsacha, mar atá leagtha síos sa Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna a mhol an Coimisiún Eorpach don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, 2021-2027. Sholáthrófaí lena leithéid de choinníollacht sin, modh breise chun cur chun feidhme SDGanna a bheidh bunaithe ar chearta a chur

chun cinn. Mar bhealach chun gnóthachtaí bhreise an SDG a bhaineann le síocháin, ceartas agus institiúidí láidre (SDG 16) a chur chun cinn, ba cheart d'institiúidí AE leanúint leis an bplé agus leanúint de shaothrú an chuspóra atá ann buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit.

Tuairim 1.5 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go nglacfaidh institiúidí náisiúnta um chearta an duine, comhlachtaí comhionannais nó institiúidí Ombudsman páirt ghníomhach agus fhóinteach i gcoistí faireacháin na gclár arna gcistiú ag AE, agus i meicníochtaí faireacháin agus comhordaithe maidir le cur chun feidhme SDGanna. Mar atá ráite go soiléir ag FRA arís agus arís eile, ba cheart do na Ballstáit acmhainní agus cúnamh leordhóthanach a sholáthar dóibh le go méadófar a gcumas na cúraimí sin a chur i gcrích.

Tuairim 1.6 ó FRA

Ba cheart go bpléifidh institiúidí AE agus na Ballstáit úsáid a bhaint as na sonraí staitistiúla go léir atá ar fáil agus ar fhianaise eile atá ar fáil maidir le hidirdhealú agus foréigean nó ciapadh atá spreagtha ag claonadh, mar aon le sonraí maidir le foréigean i gcoinne na mban, chun cur lena dtuairisciú ar tháscairí ábhartha SDG, lena n-áirítear sonraí agus fianaise a chuireann FRA ar fáil. Ba cheart do na Ballstáit sonraí ábhartha a bhailiú agus a dhí-chomhbhailiú chun SDGanna a chur chun feidhme, go háirithe maidir le grúpaí den daonra atá leochaileach agus ar deacair teacht orthu, chun deimhin a dhéanamh de nach bhfágfar duine ar bith ina dhiaidh. Ina thaobh seo, ba cheart dóibh sonraí FRA a sheiceáil chun a fháil amach an féidir leis na sonraí seo cur lena dtuairisciú agus lena bhfaireachán náisiúnta agus an céanna a dhí-chomhbhailiú. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit comhar na n-údarás staidrimh náisiúnta a chur chun cinn le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine, le comhlachtaí comhionannais nó le hinstitiúidí Ombudsman. Ba cheart do na Ballstáit a machnamh a dhéanamh ar chúnamh teicniúil saineolach agus treoir shaineolach FRA a úsáid sa réimse seo.

2 Cairt AE um Chearta Bunúsacha agus a leas as a mbaineann Ballstáit

In 2018, bhí Cairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha i bhfeidhm mar bhille AE um chearta atá ina cheangal dlí don naoú bliain. Is comhlánú é ar bhunreachtanna náisiúnta agus ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus go háirithe ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhí ról agus úsáid na Cairte ag leibhéal náisiúnta fós éiginnte. Bhí cúirteanna náisiúnta ann a bhain úsáid as an gCairt. Cé gur smearthagairtí ab ea a lán de na tagairtí a rinneadh don Chairt, léiríonn cinntí éagsúla cúirte gur féidir leis an gCairt luach breise a thabhairt agus difríocht a dhéanamh. Baineadh úsáid as an gCairt freisin i measúnuithe tionchair agus i nósanna imeachta scrúdaithe reachtaíochta i roinnt Ballstát. Ní raibh sé seo córasach ná baol air, áfach, agus ba chosúil gur chleachtas eisceachtúil é seachas gnáthchleachtas. Ina theannta sin, ba chosúil gurbh eisceachtaí an-neamhchoitianta iad na beartais rialtais a bhí dírithe ar chur i bhfeidhm na Cairte a chur chun cinn, cé go gcuirtear iallach ar stáit in Airteagal 51 den Chairt cur i bhfeidhm fhorálacha na Cairte a chur chun cinn go réamhghníomhach. Le comóradh 10 mbliana na Cairte in 2019 tá an deis ann móiminteam níos polaitiúla a chur i bhfeidhm maidir le poitéinseal na Cairte a scaoileadh amach.

Níl caite ach naoi mbliana ó tháinig Cairt AE um Chearta Bunúsacha i bhfeidhm. Tá sé d'oibleagáid ar Bhallstáit AE cearta na Cairte a urramú "cur i bhfeidhm a chur chun cinn de i gcomhréir lena gcumhachtaí faoi seach" (Airteagal 51 den Chairt). Mar sin féin, tugtar leis an bhfianaise atá ar fáil agus le comhairliúcháin FRA le fios go bhfuil easpa beartais náisiúnta ann lena gcuirfí feasacht agus feidhmiú na Cairte chun cinn. Tá ról lárnach le himirt ag cleachtóirí dlí — lena n-áirítear cleachtóirí sna riaracháin náisiúnta, na breithiúna agus na parlaimintí náisiúnta — maidir leis an gCairt a chur chun feidhme. Cé go n-úsáideann na breithiúna an Chairt, is cosúil nach bhfuil sé ar eolas go maith sna brainsí eile den rialtas. Bunaithe ar an bhfianaise a bailíodh sa tuarascáil seo agus i gcomhréir lena Tuairim 4/2018 maidir le "Dúshláin agus deiseanna chun an Chairt um Chearta Bunúsacha a chur i bhfeidhm", tá na tuairimí seo a leanas foirmithe ag FRA.

Tuairim 2.1 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE tionscnaimh agus beartais a sheoladh atá dírithe ar fheasacht agus ar chur chun feidhme na Cairte a chur chun cinn ar leibhéal náisiúnta, ionas gur féidir ról suntasach a bheith ag an gCairt cibé áit a bhfuil feidhm aici. Ba chóir go mbeidh tionscnaimh agus beartais den sórt sin bunaithe ar fhianaise, go hidéalach trí thógáil ar mheasúnuithe rialta ar úsáid agus feasacht na Cairte sa tírdhreach náisiúnta.

Go sonrach, ba cheart do na Ballstáit a chinntiú go dtairgtear modúil oiliúna atá spriocdhírthe agus bunaithe ar riachtanais ar an gCairt agus ar a chur i bhfeidhm go rialta do bhreithiúna náisiúnta agus do chleachtóirí dlí eile ar bhealach a chomhlíonann an t-éileamh atá ann agus a chinntíonn tacaíocht ghníomhach.

Tuairim 2.2 ó FRA

Ba cheart go mbeidh sé mar aidhm ag Ballstáit AE úsáid iarbhir na Cairte a rianú i gcásdlí náisiúnta agus i nósanna imeachta reachtacha agus rialála, d'fhonn easnaimh agus riachtanais nithiúla a shainnithint chun an Chairt a chur chun feidhme ar shlí níos fearr ar leibhéal náisiúnta. Mar shampla, ba cheart do Bhallstáit AE athbhreithniú a dhéanamh ar a rialacha nós imeachta náisiúnta maidir le grinnscrúdú dlí agus measúnuithe tionchair ar bhíllí ó pheirspictíocht na Cairte. Ba chóir go dtagrófar leis na nósanna imeachta sin go sainráite don Chairt, díreach mar a dhéantar leo d'ionstraimí náisiúnta um chearta an duine, ionas gur lú an riosca go dtabharfar neamhaird ar an gCairt.

3 Comhionannas agus neamh-idirdhealú

Sa bhliain 2018 rinneadh dul chun cinn measctha maidir le hionstraimí dlí agus beartais de chuid AE chun comhionannas agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn. Cé nár ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh leis an Treoir um Chóir Chomhionann atá beartaithe tar éis 10 mbliana caibidlíochta, mhol an Coimisiún Eorpach ionstraimí airgeadais AE i gcomhthéacs chreat airgeadais ilbhliantúil nua de chuid AE a thacaíonn le beartais frith-idirdhealaithe ar leibhéal AE agus ar leibhéal náisiúnta. D'éisigh an Coimisiún Moladh freisin maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais, ag tabhairt treoir úsáideach maidir le cosaint a neartú i gcoinne idirdhealú. Lean AE ar aghaidh ag dul i dteagmháil leis na Ballstáit chun tacú lena n-iarrachtaí chun comhionannas do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LADTI) a chur chun cinn, agus thug roinnt Ballstát bearta dlíthiúla agus beartais isteach chuige sin. Lean conspóidí ar aghaidh de bharr toirmisc ar éadaí agus siombailí reiligiúnacha. San am céanna, ghlac AE agus na Ballstáit bearta éagsúla chun bailiú agus úsáid sonraí comhionannais a neartú, agus cuireadh fianaise ar fáil i staidéir agus suirbhéanna éagsúla a foilsíodh in 2018 maidir le méid agus cineálacha an idirdhealaithe a fhuilgíonn daoine in AE.

Faoi chreat AE dlíthiúil reatha, tugtar cosaint chuimsitheach in aghaidh idirdhealú ar fhorais inscne agus bunús ciníoch nó eitneach i réimsí tábhachtacha den saol. Faoi láthair, áfach, ní thugtar cosaint i gcoinne idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise agus claonadh gnéis ach amháin i réimse na fostaíochta agus na gairme beatha. Faoi dheireadh 2018, tar éis 10 mbliana caibidlíochta, ní raibh Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis an Treoir um Chóir Chomhionann a ghlacadh go fóill, rud a chuirfeadh leis an gcosaint seo do réimsí an oideachais, na cosanta sóisialta, agus na rochtana ar earraí agus ar sheirbhísí agus an tsoláthair earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht. Ciallaíonn sé seo go gcosnaíonn dlí AE duine ar a bhfuil idirdhealú á dhéanamh, mar shampla, i réimse na tithíochta má tá an t-idirdhealú á dhéanamh agus idirdhealú ciníoch nó eitneach mar fhorais aige, ach ní dhéanann sé amhlaidh má dhéantar an t-idirdhealú ar fhoras gnéaschlaonta nó ar fhorais eile. Is é an toradh a bhíonn air seo ná ordlathas saorga foras laistigh den Aontas Eorpach, agus cosaint níos fearr ag cuid díobh ná ag cuid eile díobh.

Le hAirteagal 21 de Chairt AE um Chearta Bunúsacha, toirmiscítear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amháin gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach. Is é seasamh Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go bhféadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta

agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh chun idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

Tuairim 3.1 ó FRA

Mar gheall ar an bhfianaise ollmhór ar idirdhealú ar fhorais éagsúla i réimsí mar oideachas, cosaint shóisialta agus rochtain ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht, ba cheart don reachtóir AE dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an Treoir um Chóir Chomhionann a ghlacadh. Chinnteofaí leis seo go dtabharfaí cosaint chuimsitheach faoi reachtaíocht AE in aghaidh idirdhealú i réimsí tábhachtacha den saol, lena n-áirítear ar fhorais reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise agus treoshuimh gnéis.

Tá idirdhealú agus éagothromaíochtaí ar fhorais éagsúla fós ina réaltachtaí sa saol laethúil ag daoine ar fud AE, de réir torthaí ar shuirbhéanna de chuid FRA agus ar staidéir náisiúnta éagsúla a foilsíodh in 2018. Léirítear go rialta sna torthaí seo freisin gurb annamh a thuairiscíonn daoine a bhfuil idirdhealú á dhéanamh orthu go bhfuil an t-idirdhealú sin ag tarlú. Is é an chúis is coitianta a luadh as gan tuairisciú a dhéanamh ná an tuairim nach n-athrófaí aon rud dá bharr.

Ina fhianaise seo, tugtar faoi deara go leagtar síos sa Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus sa Treoir um Chomhionannas Fostaíochta faoina bhforálacha maidir le gníomh dearfach, chun comhionannas iomlán a chinntiú i gcleachtas, nach gcuirfidh prionsabal na córa comhionainne cosc ar aon Bhallstát nó bearta sonracha a ghlacadh chun míbhuntáistí a bhaineann le haon cheann de na forais chosanta a chosc nó a chúiteamh.

Faoin Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus faoi na treoracha i réimse an chomhionannais inscne, bunaítear comhlachtaí chun cóir chomhionann a chur chun cinn. Tá sé de chúram orthu sin cúnaimh a thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe, taighde a dhéanamh ar idirdhealú agus moltaí a dhéanamh maidir le conas aghaidh a thabhairt ar idirdhealú. Tá na comhlachtaí comhionannais sin bunaithe ag gach Ballstát AE. Mar sin féin, maidir le roinnt tuarascálacha tíre a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI) agus Coiste um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú (CERD) in 2018, léirítear iontu imní faoi éifeachtacht, neamhspleáchas agus leordhóthanacht acmhainní daonna, airgeadais agus teicniúla na gcomhlachtaí comhionannais atá faoi fhaireachán.

Le Moladh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le caighdeán do chomhlachtaí comhionannais agus Moladh athbhreithnithe Beartais Ginearálta Uimh. 2 ó ECRI, tugtar treoir chuimsitheach ar an gcaoi ar féidir sainorduithe, struchtúir agus acmhainní comhlachtaí comhionannais a neartú chun a n-éifeachtúlacht a mhéadú.

Tuairim 3.2 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú gur féidir le comhlachtaí comhionannais na cúraimí a shanntar dóibh i reachtaíocht neamh-idirdhealaithe an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh go héifeachtach agus go neamhspleách. Is éard atá i gceist leis seo ná a chinntiú go leithdháiltear dóthain acmhainní daonna, airgeadais agus teicniúla ar chomhlachtaí comhionannais. Agus é sin á dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar Mholadh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le caighdeán do chomhlachtaí comhionannais chomh maith le Moladh Beartais Ginearálta athbhreithnithe uimh. 2 ó ECRI.

Tuairim 3.3 ó FRA

I gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne agus le treoracha comhionannais de chuid AE, ba cheart do Bhallstáit AE a machnamh a dhéanamh ar bhearta a thabhairt isteach chun míbhuntáistí a bhaineann le haon cheann de na forais chosanta a chosc nó a chúiteamh. D'fhéadfaí míbhuntáistí den sórt sin a shainathint trí anailís a dhéanamh ar shonraí maidir le heispéiris idirdhealaithe i bpríomhréimsí saoil, ar cheart iad a bhailiú go córasach in AE.

Chuir an Coimisiún Eorpach i láthair a dhara tuarascáil bhliantúil ar an liosta gníomhaíochtaí chun comhionannas LADTI a chur chun cinn agus dheimhnigh sé a thiomantas do chur chun feidhme rathúil an liosta. Trí roinnt grúpaí ardleibhéil agus grúpaí reatha, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí comhionannas LADTI a chur chun cinn.

D'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún beart a dhéanamh lena chinntiú gur féidir le daoine LADTI agus a dteaghlach a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú agus go dtugtar faisnéis shoiléir inrochtana dóibh maidir le cearta trasteorann a aithint do dhaoine LADTI agus dá dteaghlach in AE.

Ghníomhaigh roinnt Ballstát freisin chun comhionannas LADTI a chur chun cinn agus thug siad isteach athruithe dlíthiúla ábhartha agus bearta beartais i rith na bliana. Bhain siad seo le stádas teaghlach comhghnéis; nósanna imeachta simplithe maidir le hathshannadh inscne ar bhonn féinchinnteoireachta; agus stop a chur le hidirghabhálacha máinliachta neamhriachtanacha ar leanaí idirghnéasacha. I roinnt Ballstát, réitigh cúirteanna an bealach d'fhorbairtí reachtaíochta nó chinntigh siad a bhforfheidhmiú ceart.

Tuairim 3.4 ó FRA

Moltar do Bhallstáit AE leanúint le bearta sonracha a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh daoine lespiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LADTI) in ann leas iomlán a bhaint as na cearta bunúsacha ar fad atá ar fáil dóibh faoi dhlí AE agus faoin dlí náisiúnta. Le linn déanamh amhlaidh, moltar do na Ballstáit, chun a gcuid iarrachtaí a threorú, úsáid a bhaint as an liosta gníomhartha a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach d'fhonn comhionannas LADTI a chur chun cinn.

Mar a bhí amhlaidh blianta eile, bhí na srianta ar éadaí agus siombailí reiligiúnacha a chaitheamh san obair nó i spásanna poiblí ina gcuid lárnach de dhíospóireachtaí in AE sa bhliain 2018. Cé go seasann formhór na mBallstát AE le dlíthe den sórt sin ar an mbonn go ndéanann siad an neodracht a chaomhnú, nó mar bhealach chun idirghníomhú sóisialta agus cómhaitheacht a éascú, is deacair cothromaíocht a bhaint amach idir saoirse reiligiúin agus chreidimh agus aidhmeanna dlisteanacha eile a bhíonn mar sprioc ag sochaí dhaonlathach. Téann na srianta seo i bhfeidhm ar Mhoslamaigh ban go háirithe. Cruthaíonn forfheidmiú na ndlíthe sin dúshlán ar leith i réimsí nach bhfuil aon teorainn shoiléir iontu idir an réimse poiblí agus an réimse príobháideach, agus bíonn éagsúlacht ar fud AE sa tslí a ndéileálann cúirteanna le cásanna ina maítear gur tharla idirdhealú.

Le hAirteagal 10 de Chairt AE um Chearta Bunúsacha, áirithítear an ceart atá ag gach duine chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin. Tá ar áireamh sa cheart sin an tsaoirse atá ag duine reiligiún nó creideamh a athrú agus saoirse, mar dhuine aonair nó i gcomhlúadar le daoine eile, reiligiún nó creideamh a léiriú trí adhradh, trí theagasc, trí chleachtas agus trí dheasghnátha. Le hAirteagal 21 de Chairt AE um Chearta Bunúsacha, toirmiscear aon idirdhealú atá bunaithe ar fhoras reiligiúin nó creidimh.

Tuairim 3.5 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE a chinntiú go gcloíonn aon srianta dlíthiúla ar shiombailí nó ar bhaill éadaigh a bhaineann le reiligiún go hiomlán leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, lena n-áirítear cásdlí ábhartha na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Maidir le haon togra reachtach nó riaracháin lena bhféadfaí srian a chur leis an tsaoirse atá ag duine a reiligiún nó a c(h)reideamh a léiriú, ba chóir cearta bunúsacha agus meas ar phrionsabail na dlíthiúlachta, an riachtanais agus na comhréireachta a thabhairt san áireamh mar chuid dhílis de.

Tá sonraí comhionannais, a thuigtear mar aon fhíosa eolais atá úsáideach chun staid an chomhionannais a thuairisciú agus a anailísiú, fíor-riachtanach chun beartais neamh-idirdhealaithe bunaithe ar fhianaise a threorú, faireachán a dhéanamh ar threochtaí,

agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta frith-idirdhealaithe. Ina theannta sin, faoin Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus faoin Treoir um Chomhionannas Fostaíochta, gach bliana ní mór do Bhallstáit AE an fhaisnéis go léir is gá a chur in iúl don Choimisiún chun tuarascáil a dhréachtú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm na dtreoracha seo. Is in 2020 atá an chéad oibleagáid eile ann faisnéis a chur ar aghaidh.

Shainnaithe an Foghrúpa ar Shonraí Comhionannais a bunaíodh faoi Ghrúpa Ardleibhéil AE um Neamh-idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht roinnt dúshlán choitianta a théann i bhfeidhm ar infhaighteacht agus ar cháilíocht na sonraí comhionannais sna Ballstáit. I measc na ndúshlán seo tá easpa cur chuige comhordaithe maidir le bailiú agus úsáid sonraí comhionannais, sainaitheint neamhiomlán grúpaí daonra atá i mbaol idirdhealú mar gheall ar róspleáchas ar sheachionadaithe, agus comhairliúchán neamhleor le páirtithe leasmhara ábhartha maidir le dearadh agus cur chun feidhme bailithe sonraí. Sna 11 treoirle maidir le feabhas a chur ar bhailiú agus ar úsáid sonraí comhionannais a d'ullmhaigh an foghrúpa, tugtar treoir nithiúil maidir le dul i ngleic leis na dúshlán seo ar leibhéal náisiúnta. Cé gur do na Ballstáit atá na treoirleinte, d'fhéadfaí iad a chur i bhfeidhm ar an gcaoi chéanna in institiúidí agus i gcomhlachtaí de chuid AE chun faireachán ar an éagsúlacht a neartú.

Tuairim 3.6 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE cur chuige comhordaithe a ghlacadh maidir le bailiú sonraí comhionannais agus sonraí comhionannais iontaofa, bailí agus inchoimparáide a áirithiú arna n-imdhealú de réir saintréithe cosanta, bunaithe ar fhéin-shainaitheint agus i gcomhréir leis na prionsabail agus na cosaintí atá leagtha amach faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Agus é sin á dhéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit aird chúí a thabhairt ar na treoirleinte maidir le feabhas a chur ar bhailiú agus ar úsáid sonraí comhionannais arna nglacadh ag Grúpa Ardleibhéil AE maidir le Neamh-idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht. Mar bheart amach anseo, ba cheart go ndéanadh institiúidí agus comhlachtaí de chuid AE plé ar na treoirleinte seo a chur i bhfeidhm laistigh dá struchtúir féin.

4 Ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar

Ocht mbliana déag mbliana tar éis ghlacadh na Treorach maidir le Comhionannas Ciníochas agus 10 mbliana tar éis ghlacadh an Chreat-Chinnidh maidir le Ciníochas agus Seineafóibe, tá ar dhaoine ó chúlráí mionlaigh agus ar imircigh aghaidh a thabhairt i gcónaí ar chiapadh, idirdhealú struchtúrtha, claontacht dhocht agus próifiliú idirdhealaitheach eitneach go forleathan san Aontas Eorpach, mar a léirítear i dtorthaí shuirbhéanna FRA in 2018 agus i dtuarascálacha ó chomhlachtaí um chearta an duine. Tá roinnt Ballstát nach bhfuil an Creat-Chinneadh maidir le Ciníochas agus Seineafóibe corpraithe i gceart ná go hiomlán ina ndlí náisiúnta go fóill. In 2018, ní raibh pleananna gníomhaíochta agus straitéisí i bhfeidhm ach ag 15 Bhallstát a bhí dírithe ar chiníochas agus ar idirdhealú eitneach a chomhrac.

Le hAirteagal 4(a) den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdeallaithe Chiníoch a Dhíothú, cuirtear ceangal ar na Stáit is Páirtithe ann dearbhú a thabhairt go bhfuil gríosú chun idirdhealaithe chiníoch agus gníomhartha foréigin in aghaidh aon chine nó aon ghrúpa daoine ina gcion is inphionóis le dlí. Leagtar amach in Airteagal 1 den Chreat-Chinneadh maidir le Ciníochas agus Seineafóibe na bearta atá le cur i gcrích ag na Ballstáit chun iompar ciníoch agus seineafóbach toiliúil a fhionósú. Éilítear faoi Airteagal 4 lena chois sin go ndéanfaí inspreagadh claontachta a mheas mar imthoisc ghéaraitheach nó go ndéanfadh na cúirteanna é a chur san áireamh agus na pionóis a ghearrtar ar chiontóirí á gcinneadh acu. Faoin Treoir um Chearta Íospartach, éilítear go gcuirfí íospartaigh na coireachta fuatha faoi mheasúnú aonair chun a sainriachtanais tacaíochta agus chosanta a shainiú (Airteagal 22). Áirítear i gcur chun feidhme dhlí AE go n-áirithítear go sainiúneoidh na póilíní íospartaigh na coireachta fuatha agus go ndéanfaidís an t-inspreagadh ciníoch a thaifeadh tráth an tuairiscithe.

In 2018, ba iad sonraí suirbhé ó FRA an phríomhfhoinsé arís eile chun tuiscint a fháil ar leitheadúlacht agus ar fhoirmeacha na híospartha i mórán Ballstát AE agus ar fud AE. Tarluithe coitianta is ea ciníoch agus foréigean ciapadh in AE a fhanann dofheicthe i staitisticí oifigiúla, agus níl na huirlisí ná na scileanna ag na Ballstáit chun coireanna fuatha a thaifeadh i gceart agus go córasach, de réir shuirbhéanna FRA ar íospairt daoine de bhunadh na hAfraice agus ar íospairt na Giúdach.

Tuairim 4.1 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go ndéanfar aon choir fuatha, lena n-áirítear aon chineál fuathchainte, a thaifeadh, a imscrúdú, a ion-chúiseamh agus a thriail go héifeachtach. Ní mór an méid sin a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, dlí AE, an dlí Eorpach agus leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme um chearta an duine.

Ba cheart do Bhallstáit an Aontais iarrachtaí breise a dhéanamh chun sonraí bliantúla a thaifeadh, a bhailiú agus a fhoilsiú go córasach faoin bhfuathchoireacht ionas go mbeid siad in ann freagairtí dlíthiúla agus beartais atá éifeachtach agus fianaise-bhunaithe a fhorbairt don fheiniméan sin. Ba cheart aon sonraí a bhailiú i gcomhréir le creatáil dlíthiúla náisiúnta agus le reachtaíocht AE um chosaint sonraí.

In Airteagal 10 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníochas leagtar béim ar an tábhachta a bhaineann le faisnéis a scaipeadh chun a áirithiú go bhfuil a fhios ag na daoine lena mbaineann go bhfuil siad i dteideal cóir chomhionann a fháil. Ina theannta sin, bunaítear le hAirteagal 13 den treoir an oibleagáid chomhlachtaí náisiúnta a ainmniú chun cóir chomhionann a chur chun cinn; tá sé de dhualgas orthu seo cúnaimh a sholáthar d'íosparthaigh an idirdhealaithe, taighde a dhéanamh ar idirdhealú, agus moltaí a dhéanamh maidir le conas aghaidh a thabhairt ar idirdhealú. Mar sin féin, is gnách go mbíonn feacht an-teoranta ag baill de ghrúpaí mionlaigh eitneach ar chomhlachtaí comhionannais, agus ní thuairiscítear i gcónaí teagmhais idirdhealaithe, de réir na fianaise atá bailithe ag FRA.

Tuairim 4.2 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú gur féidir le comhlachtaí comhionannais a gcúraimí a chomhlíonadh, mar atá sannta sa Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch, trí thacú leo feacht an phobail a ardú maidir le hiad a bheith ann, na rialacha frith-idirdhealaithe atá i bhfeidhm, agus bealaí chun sásamh a lorg. Is féidir leis seo cabhrú le ról na gcomhlachtaí comhionannais a neartú maidir le tuairisciú ar idirdhealú eitneach agus ciníoch ag íospartaigh.

sórt sin: spriocanna agus gníomhartha a shocrú; comhlachtaí stáit freagracha a shannadh; spriocdhátaí a shocrú; táscairí feidhmíochta a leagan síos; agus soláthar a dhéanamh do shásraí faireacháin agus meastóireachta. Dá gcuirfí pleananna den sórt sin chun feidhme, sholáthrófaí modh éifeachtach do Bhallstáit an Aontais chun a áirithiú go gcomhlíonfaid siad a gcuid oibleagáidí faoin Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus faoin gCinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe a Chomhrac.

Sa bhliain 2018, ní raibh pleananna gníomhaíochta tiomnaithe náisiúnta um idirdhealú ciníoch, ciníochas nó seineafóibe a chomhrac i bhfeidhm ach ag 15 Bhallstát AE. Le Dearbhú agus Clár Gníomhaíochta Durban de chuid na Náisiún Aontaithe, sonraítear gur ar na Stáit rannpháirteacha a leagtar an príomhfhreagracht as ciníochas, idirdhealú ciníoch, seineafóibe agus aon éadulaingt atá bainteach leo a chomhrac. D'éascair an Dearbhú agus an Clár Gníomhaíochta as an gComhdháil Dhomhanda in aghaidh Ciníochais, Idirdhealú Ciníoch, Seineafóibe agus aon Éadulaingt atá bainteach leo. Tá Grúpa Ardleibhéal an Aontais um chiníochas, seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chomhrac ina fhóram do na Ballstáit inar féidir leo cleachtais a mhalartú chun a áirithiú go n-éireoidh leo pleananna gníomhaíochta den sórt sin a chur chun feidhme.

Leanann baill de ghrúpaí mionlaigh eitnigh de phróifiliú eitneach idirdhealaitheach ag na póilíní a fhulaingt, de réir fianaise ó EU-MIDIS II agus torthaí taighde i roinnt Ballstát. Is féidir le próifiliú den sórt sin an bonn a bhaint dá muintín as forfheidhmiú an dlí. Tagann an cleachtas sin salach ar phrionsabail an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Ciníoch a Dhíothú agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear iad sin a chumhdaítear sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus dlí-eolaíocht ghaolmhar na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, agus ar Chairt AE um Chearta Bunúsacha agus an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch.

Tuairim 4.3 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE pleananna gníomhaíochta tiomnaithe náisiúnta a fhorbairt chun ciníochas, idirdhealú ciníoch, seineafóibe agus aon éadulaingt atá bainteach leo a chomhrac. Chuige sin, d'fhéadfadh Ballstáit AE leas a bhaint as an treoir phraiticiúil ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine maidir le conas pleananna den sórt sin a fhorbairt. I gcomhréir leis an treoir sin, dhéanfaí na nithe seo le pleananna gníomhaíochta den

Tuairim 4.4 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE treoir shonrach, phraiticiúil agus sho-úsáidte a fhorbairt chun deimhin a dhéanamh de nach ndéanann oifigigh phóilíneachta próifiliú eitneach idirdhealaitheach agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas. Mar a sonraíodh i dtreoir FRA maidir le próifiliú neamhdhleathach a chosc, ba cheart d'údaráis forfheidhmithe dlí treoir den sórt sin a eisiúint, nó í a bheith curtha san áireamh i ngnáthnósanna imeachta oibriúcháin na bpóilíní nó i gcóid iompair d'oifigigh phóilíneachta. Ba cheart do na Ballstáit an treoir sin a chur in iúl go córasach d'oifigigh forfheidhmithe dlí atá ar an túslíne.

5 Lánpháirtíú na Romach

Fulaingíonn na Romaigh idirdhealú go fóill mar gheall ar a n-eitneacht i réimsí amhail an rochtain ar an oideachas, ar an bhfostaíocht, ar an tithíocht agus ar an gcúram sláinte. Bhí tuairiscí arís eile ann in 2018 ar idirdhealú agus ar choireacht fuatha, ag dearbhú go bhfuil an frith-ghiofógachas ina bhac tábhachtach i gcónaí ar ionchuimsiú na Romach. Is beag athrú atá tagtha ar staid shóisialta agus eacnamaíoch na Romach ar fud AE, de réir sonraí ó FRA. Baineann sé seo an bonn d'iarrachtaí AE agus náisiúnta chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, go háirithe Sprioc 10 maidir le neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha, agus go sonrath Sprioc 10.3 chun comhionannas deiseanna a chinntiú agus neamhionannas forthorthaí a laghdú. Níl tagairt ar bith i dtuarascáil faireacháin Eurostat, 2018 ar dhul chun cinn i dtreo na SDGanna in AE d'fhorthorthaí um ionchuimsiú na Romach ná do na sonraí ábhartha a d'ullmhaigh FRA, in ainneoin a ábharthaí atá sé faireachán a dhéanamh ar roinnt spriocanna do na Romaigh go sonrath (go háirithe Spriocanna 1, 4, 6 agus 8). Bheadh ábharthacht fhollasach beartais ag baint le faireachán den sórt sin, i bhfianaise an Chreata AE do Straitéisí Náisiúnta um Lánpháirtíú Romach a bheith ann ó 2011 i leith agus i bhfianaise an Mholta ghaolmhair ón gComhairle ó 2013.

Níl bearta coincreiteacha i bhfeidhm go córasach ar fud AE chun aghaidh a thabhairt ar an bhfrith-ghiofógachas agus ar an idirdhealú forleathan i gcoinne na Romach, ná ní príomhthosaíocht iad sna straitéisí náisiúnta um lánpháirtíú na Romach agus i mbeartais ghaolmhara ar leibhéil Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Is beag straitéisí náisiúnta um lánpháirtíú na Romach ina dtugtar aghaidh ar an idirdhealú mar thosaíocht. Ina lán de na straitéisí náisiúnta um lánpháirtíú na Romach atá ag na Ballstáit, ní dhéantar aon tagairt shainráite ar chor ar bith don fhrith-ghiofógachas. Tá gá le hiarrachtaí feabhsaithe chun dul i ngleic le hidirdhealú agus le frith-ghiofógachas ar bhealach nithiúil agus córasach chun próisis an ionchuimsithe shóisialta a neartú agus chun forthorthaí lánpháirtithe a fheabhsú.

Tuairim 5.1 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid straitéisí náisiúnta um lánpháirtíú na Romach agus an frith-ghiofógachas a aithint mar chineál ciníochais, a bhféadfaidh cineálacha idirdhealaithe struchtúraigh a bheith mar thoradh air. Ba chóir go leagfar amach i straitéisí náisiúnta um lánpháirtíú na Romach cé acu de na bearta ginearálta frith-idirdhealaithe lena dtugtar aghaidh ar an bhfrith-ghiofógachas go sonrath agus conas a dhéantar é sin. Ba cheart do bhearta sonracha a bheith dírithe ar na Romaigh — mar shampla, trí fheachtais feasachta ar chearta nó rochtain

ar réiteach dlíthiúil a éascú — agus ar an bpobal i gcoitinne — mar shampla, trí fheasacht a mhéadú maidir le hidirdhealú, leithscaradh agus géarleanúint stairiúil na Romach.

Is beag Romach a fhuilaingíonn ciapadh agus foréigean fuathspreagtha a thuairiscíonn na heachtraí seo d'aon eagraíocht, lena n-áirítear na póilíní, de réir na sonraí ó FRA. Bhí na bearta chun reachtaíocht frith-idirdhealaithe de chuid AE maidir le Romaigh a fhorfheidhmiú lag arís eile in 2018. Tá dúshlán mhóra ann maidir le dlíthe lena gcuirtear toirmeasc ar idirdhealú in aghaidh na Romach a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú. Ar bharr an liosta tá easpa muiníne in institiúidí ar thaobh na Romach, agus easpa tuisceana ag institiúidí ar na dúshlán atá os comhair na Romach. Is fadhb go fóill an easpa faireachán rialta ar idirdhealú agus ar thuairiscíú ar chionta fuatha ar leibhéal náisiúnta, ós rud é gur deacair léargas ceart a fháil ar mhéid na fhrith-ghiofógachais agus an idirdhealaithe gan sonraí nó fianaise. Níorbh fhéidir ach cúpla sampla de thuairiscíú eachtraí agus bailiú sonraí ar an bhfrith-ghiofógachas a shainathint i mBallstáit AE.

Tuairim 5.2 ó FRA

Chun dul i ngleic le tuairiscíú teoranta ar idirdhealú agus ar fhrith-ghiofógachas do na húdaráis, ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go gcomhoibríonn gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlíle comhlachtaí comhionannais, chomh maith le hinstitiúidí Ombudsman agus le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine.



Chuideodh sé seo le gníomhaíochtaí a fhorbairt a chothaíonn timpeallacht ina mothaíonn na Romaigh, cosúil le gach duine eile, muiníneach chun tuairisciú a dhéanamh ar eachtraí ina bhfulaingíonn siad cóir idirdhealaitheach, lena n-áirítear próifíliú eitneach idirdhealaitheach, agus an t-eolas acu go nglacfaidh na húdaráis inniúla lena gcuid gearán go dáiríre agus go ndéanfaidh siad obair iardain orthu. I measc na ngníomhartha a d'fhéadfadh a bheith ar áireamh sna gníomhartha sin tá, mar shampla, nósanna imeachta atreoraithe um thuairisciú tríú páirtí, ina ndéileáilann eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí chun tuairisciú coireanna fuatha agus idirdhealaithe a éascú.

In 2018, lean institiúidí AE agus institiúidí sochaí sibhialta na Romach de bhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht fhóinteach na Romach, go háirithe ag an leibhéal áitiúil, chun beartais ionchuimsitheachta a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí agus chun forthorthaí inbhuanaithe a bhaint amach de réir mar a éilítear i gClár Oibre 2030 domhanda. Ina "Meastóireacht ar Chreat AE do Straitéisí Náisiúnta Comhtháthaithe na Romach go dtí 2020", leag an Coimisiún Eorpach béim ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail agus é ag cur béim freisin ar an bpointe gur féidir le rannpháirtíocht na Romach cuidiú le tosaíochtaí maoinithe a shainaithint. Is tábhachtach an rud é go dtagann torthaí na meastóireachta le taighde FRA ar leibhéal áitiúil, a leagann béim ar an gcaoi ar féidir le hidirghníomhaíochtaí agus

rannpháirtíocht ar leibhéal an phobail a bheith ina uirlis thábhachtach chun caidreamh pobail níos dearfaí a éascú, teannas féideartha idir na Romaigh agus neamh-Romaigh a mhaolú, agus frith-ghiofógachas a chomhrac ar deireadh thiar de thoradh rannchuidiú leis an gceann is fearr a fháil ar steiréitíopaí agus le deireadh a chur le hiompar idirdhealaitheach. Tá an poitínseal ag rannpháirtíocht den sórt sin ar leibhéal an phobail éifeachtúlacht Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a threisiú trí thosaíochtaí na bpobal áitiúil a léiriú agus an próiseas a bhaineann lena gcur chun feidhme a chur ar bhonn ionchuimsitheach i ndáiríre.

Tuairim 5.3 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE athbhreithniú a dhéanamh ar a straitéisí náisiúnta um lánpháirtíocht na Romach nó ar shraitheanna comhtháite beart beartais chun cur chuige rannpháirtíochta a chur chun cinn maidir le gníomhaíochtaí ionchuimsithe Romach a dhearadh, a chur chun feidhme agus a chur faoi fhaireachán, go háirithe ag an leibhéal áitiúil, agus chun tacú le hiarrachtaí faoi stiúir an phobail. Ba cheart Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus foinsí eile cistiúcháin a úsáid chun rannpháirtíocht na Romach agus tionscadail lánpháirtithe atá faoi stiúir an phobail chur chun cinn agus a éascú. Ba cheart go dtabharfaí san áireamh go sainráite – sna comhaontuithe comhpháirtíochta amach anseo don ghlúin nua de chistí AE – rannpháirtíocht na Romach i ndearadh, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán na hinfeistíochta ábhartha ar ionchuimsiú na Romach ag an leibhéal áitiúil.



6 Tearmann, víosaí, imirce, teorainneacha agus lánpháirtiú

Agus líon na díláithriúcháin domhanda ard go fóill, lean líon na ndaoine a tháinig chuig an Aontas Eorpach (AE) de bheith ag titim. Bhain fórchontúirt go deo le hiarrachtaí an Mheánmhuir a thrasnú, agus meastar go bhfuair 2,299 duine bás á dhéanamh seo in 2018. Bhí líomhaintí ann i gcónaí gur tharla refoulement agus gur thug na póilíní drochíde d'imirce agus do dhéanaithe. I mí an Mheithimh, d'iarr ceannairí Eorpacha go mbeidh cur chuige cuimsitheach ann i leith na himirce, agus fócas láidir ar imirce neamhrialta a chosc, lena n-áirítear gluaiseachtaí neamhúdaraíthe laistigh den Aontas Eorpach. Tugadh isteach agus rinneadh tuilleadh forbartha ar chórais éagsúla TF ar mhórsála – a bhain a bhformhór seo le sonraí bithmhéadracha a phróiseáil. San am céanna, rinneadh dul chun cinn maidir le comhtháthú na ndéanaithe a tháinig isteach in 2015-2016 in ainneoin constaicí éagsúla.

Le hAirteagal 18 agus 19 de Chairt AE um Chearta Bunúsacha ráthaítear an ceart chun tearmainn agus toirmisctear *refoulement*. In Airteagal 6 cumhdaítear an ceart chun saoirse agus slándála. Faoi dhlí idirnáisiúnta na mara, ní mór daoine a tharrtháiltear ar muir a thabhairt go háit shábháilte. Ciallaíonn “sábháilteacht” freisin cosaint ar ghéarleanúint nó ar dhrochdhíobháil eile. In 2018, mar thoradh ar easaontais idir Ballstáit AE maidir le cén áit ar cheart do bháid tarrthála teacht le caladh, fágadh imircigh ar muir ar feadh laethanta, uaireanta seachtainí, as a chéile. Lean roinnt Ballstát orthu d'áiseanna a choimeád ag a dt teorainneacha, mar a gcoinnítear iarratasóirí tearmainn agus athbhreithniú á dhéanamh ag na húdaráis ar a n-éilimh ar thearmann. San am céanna, tháinig méadú ar líon na dtuairiscí gur sáraíodh prionsabal an neamh-*refoulement*, mar aon le cuntais ar fhoréigean póilíní ag teorainneacha.

Tuairim 6.1 ó FRA

*Ba cheart don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit comhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus le tríú tíortha chun díbhordáil shábháilte, thapa agus intuartha a áirithiú d'imirce agus do dhéanaithe a tharrtháiltear ar muir, i gcomhréir le prionsabal na neamh-*refoulement*. Ní mór d'aon lárionaid phróiseála atá bunaithe laistigh den Aontas Eorpach an ceart chun saoirse agus slándála a leagtar amach in Airteagal 6 den Chairt a chomhlíonadh go hiomlán agus ní mór cosaintí leordhóthanacha a bheith iontu chun a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta tearmainn agus fillte cothrom. Ba cheart do Bhallstáit AE bearta coiscitheacha i gcoinne iompar mí-úsáide a threisiú trí*

*fhorfheidhmiú an dlí agus ba cheart dóibh imscrúdú a dhéanamh go héifeachtach ar gach líomhain inchreidte maidir le *refoulement* agus foréigean ag údaráis forfheidhmithe dlí ag na teorainneacha.*

Ina Thuarascáil roimhe seo ar Chearta Bunúsacha, chuir FRA imní mhór in iúl faoi imeaglú oibríthe daonnúla agus oibríthe deonacha a thacaíonn le himircigh i staid neamhrialta. Chomh maith le gníomhaithe eile, labhair roinnt Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine i gcoinne cleachtas den sórt sin, agus iad ag nótáil go bhfuil éifeacht scáfar acu ar obair na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha. Lean an treocht seo ar aghaidh in 2018, ag díriú ar shoithí tarrthála a chuir an tsochaí sibhialta chun farraige sa Mheánmhuir, chomh maith le hoibríthe deonacha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha atá gníomhach in AE.

Tuairim 6.2 ó FRA

Ba cheart go seachnódh Ballstáit AE gníomhaíochtaí lena ndíspreagtar go díreach nó go hindíreach tacaíocht dhaonnúil a chuidíonn le himircigh agus le teifigh atá i ngátar, agus ba cheart dóibh obair iardain a dhéanamh ar mholtaí ábhartha arna n-eisiúint ag na hInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstáit AE na srianta a fhorchuirtear ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta a úsáideann soithí tarrthála sa Mheánmhuir a bhaint.

Tá sé beartaithe ag AE sonraí pearsanta a stóráil ar fud AE — lena n-áirítear sonraí bithmhéadracha — ar gach eachtrannach sa Chóras Faisnéise Víosaí. Áirítear leis seo sonraí faoi shealbhóirí ceadanna cónaitheora fadtéarmacha. Faoi láthair, ní dhéanann na Ballstáit ina bhfuil cónaí orthu a gcuid sonraí a stóráil ach go náisiúnta. Maidir le sonraí pearsanta náisiúnach tríú tír a bhfuil naisc láidre acu le hAE a stóráil i gcóras uile-AE, is ionann é sin agus déileáil leo mar náisiúnaigh tríú tír nach dtagann ach go sealadach go dtí AE — mar shampla, le haghaidh turasóireachta, staidéir, nó gnó. Tagann sé seo salach ar an gcoincheap gur sochaí ionchuisitheach atá againn a chabhraíonn le náisiúnaigh tríú tír a chónaíonn in AE a lánpháirtíú i ndáiríre. Maidir le cuid mhór de shealbhóirí ceadanna cónaithe, is in AE, mar a bhfuil cónaí orthu ar bhonn buan, atá ceartlár a saoil.

Tuairim 6.3 ó FRA

Ba cheart go seachnódh AE próiseáil uile-AE sa Chóras Faisnéise Víosaí i gcás sonraí pearsanta sealbhóirí ceadanna cónaithe a bhfuil ceartlár a saoil in AE. Ba cheart a gcuid sonraí a phróiseáil i gcórais náisiúnta, ar aon dul le náisiúnaigh AE.

Measann thart ar sheachtar as gach deichniúr Eorpach go bhfuil lánpháirtíú imirceach — lena

n-áirítear daoine a bhaineann leas as cosaint idirnáisiúnta — ina infheistíocht riachtanach san fhadtéarma do na daoine aonair lena mbaineann agus don tír ghhlactha. Idir 2015 agus 2017, tugadh cosaint idirnáisiúnta do níos mó ná 1.4 milliún duine sna 28 Ballstát AE. Tá daoine a dtugtar cosaint idirnáisiúnta dóibh i dteideal sraith ceart atá leagtha síos i gCoinbhinsiún 1951 a bhaineann le Stádas Dídeanaithe (Coinbhinsiún 1951), atá cumhdaithe i ndlí príomhúil agus tánaisteach de chuid AE. De réir taighde ó FRA, i sé Bhallstát, de bharr nósanna imeachta fadálacha chun ceadanna cónaithe a fháil, is deacair do theifigh rochtain a fháil ar oideachas agus ar fhostaíocht, rud a dhéanann dochar dá sláinte mheabhrach, agus d'fhéadfadh dá bharr freisin gur mhó a leochaileacht ó thaobh dúshaothrú agus coireachta. Léirítear i bhfianaise FRA freisin go mbíonn baol easpa dídine ar dhídeanaithe nuair a thugtar cosaint idirnáisiúnta dóibh.

Tuairim 6.4 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE treisiú ar a gcuid iarrachtaí chun a áirithiú go mbaineann na daoine a dtugtar cosaint idirnáisiúnta dóibh na cearta a bhfuil siad ina dteideal faoi Choinbhinsiún 1951, faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus faoi dhlí ábhartha de chuid AE, chun a lánpháirtíú rathúil sa tsochaí óstach a chothú.



7 An tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí

In 2018, spreag nuacht faoi mhí-úsáidí mórsála sonraí pearsanta imní agus d'ardaigh sé feasacht ar an ngá le coimircí láidre príobháideachta agus cosanta sonraí. Léirigh an méid sin cé chomh tábhachtach is atá iarrachtaí na reachtóirí sa réimse seo — amhail an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), a tháinig chun bheith infheidhme i mí na Bealtaine — chomh maith le ról fíorthábhachtach na sceithirí agus na sochaí sibhialta. San am céanna, d'oscail Comhairle na hEorpa lena shíniú an Prótocal Leasaitheach do Choinbhinsiún nuachóirithe 108, agus leanadh le leathnú domhanda Choinbhinsiún 108, agus 53 Stát is Páirtí san iomlán ann faoi dheireadh 2018. Faoin dá théacs sin, tugtar creat dlíthiúil treisithe ar fáil do dhaoine aonair lena gcearta chun príobháideachta agus chun sonraí pearsanta a chosaint. Tá creataí dlíthiúla den sórt sin ríthábhachtach nuair a thugann teicneolaíochtaí atá ag forbairt go tapa deiseanna eacnamaíocha agus dúshlán dhlíthiúla araon. Ar fud AE, chuaigh Ballstáit san iomaíocht chun intleacht shaorga a bhaint amach chun a áirithiú go bhfuil margáí tionscail agus saothair i riocht maith d'iomaíochas an lae amárach — agus cearta bunúsacha á bhfágáil ar imeall na ndíospóireachtaí, scaití. Mar fhocal scoir, agus mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhí cosaint sonraí i gcomhthéacs an fhorfheidhmithe dlí fós ard ar an gclár oibre, agus mhol an Coimisiún Eorpach rialacha nua maidir le fáil trasteorann na fianaise leictreonaí. Mar sin féin, níor tharla aon fhorbairtí ar leibhéal AE ar choinneáil sonraí: níor moladh aon tionscnamh ó AE chun breithiúnais ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in 2014 agus 2016 a chomhlíonadh.

In 2018, rinne Comhairle na hEorpa a creat dlíthiúil maidir le cosaint sonraí a nuashonrú nuair a glacadh Coinbhinsiún nuachóirithe 108. San am céanna, leanadh le leathnú domhanda Choinbhinsiún bunaidh 108, agus 53 tír faoi cheangal ag an gcoinbhinsiún sin faoi dheireadh na bliana. In AE, tháinig GDPR chun bheith infheidhme, bhí na Ballstáit chun an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí a thrasú, agus glacadh le rialacha leasaithe um chosaint sonraí d'institiúidí agus do chomhlachtaí de chuid AE. Mar sin féin, bhí glacadh an Rialacháin r-Phríobháideachta fós ar feitheamh. Baineann an rialachán atá beartaithe leis an gceart chun príobháideachta i gcumarsáid leictreonaic; tá sé ríthábhachtach chun a áirithiú go ndéantar creat dlíthiúil AE a nuashonrú chun é a ailíniú le GDPR, go háirithe i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta nua.

Fiú amháin agus roinnt ionstraimí atá ann cheana agus ionstraimí nua i bhfeidhm, ba dhúshlán fós iad na rialacha um chosaint sonraí a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, agus ba dhúshlán fós freisin an comhrac i gcoinne mhí-úsáid na rialacha seo ag institiúidí poiblí agus príobháideacha. Is minic a bhíonn comhlachtaí cáilithe sa tsochaí sibhialta

i riocht níos fearr ná gnáthshaoránaigh chun tús a chur le himeachtaí is siocair le cumhachtaí feabhsaithe na n-údarás cosanta sonraí. Mar sin féin, níl ach cúpla Ballstát tar éis cumhacht a thabhairt do chomhlachtaí cáilithe gearáin a thaisceadh gan sainordú follasach ó dhuine is ábhar sonraí.

Tuairim 7.1 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE rannpháirtíocht éifeachtach eagraíochtaí cáilithe den tsochaí sibhialta a spreagadh i bhforfheidhmiú rialacha cosanta sonraí, tríd an mbonn dlíthiúil is gá a thabhairt do na heagraíochtaí sin chun gearáin a thaisceadh maidir le sáruithe ar chosaint sonraí go neamhspleách ar shainordú an duine is ábhar do na sonraí.

Tá sceithirí ríthábhachtach chun a áirithiú go mbíonn réitigh éifeachtacha mar thoradh ar sháruithe cosanta sonraí agus príobháideachta, trí rabhadh a thabhairt i dtaobh sáruithe féideartha nó trí fhianaise thábhachtach a thabhairt le linn

imscrúduithe. Cuireann siad le feasacht an phobail agus le díspregadh sárúithe tromchúiseacha agus móra ar chearta príobháideachta agus cosanta sonraí a d'fhanfadh gan nochtadh, murach iad, laistigh d'eagraíochtaí. Mhol FRA cosaint neartaithe do sceithirí ina thuarascáil ar fhaireachas ag seirbhísí faisnéise. Mar sin féin, is beag Ballstát a bhfuil rialacha sonracha i bhfeidhm acu chun cosaint éifeachtach a sholáthar i gcoinne frithbheartaíochta. In Aibreán 2018, mhol an Coimisiún treoir maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais.

Tuairim 7.2 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE a machnamh a dhéanamh ar chosaint éifeachtach a thabhairt do sceithirí, rud a chuirfeadh le comhall éifeachtach na gcearta bunúsach ar phríobháideacht agus ar chosaint sonraí ag an lucht gnó agus ag rialtais.

In ainneoin gur neamhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an Treoir maidir le Sonraí a Choimeád (Treoir 2006/24/CE) in 2014 agus breithiúnais ábhartha sa réimse seo, níor ghlac AE reachtaíocht maidir le coinneáil sonraí fós. Dá bharr sin, tá an staid sna Ballstáit éagsúil go fóill, go háirithe maidir le reachtaíocht. Tá iarrachtaí déanta ag roinnt Ballstát a gcuid reachtaíochta a ailíniú le breithiúnais na Cúirte Breithiúnais. Tá Ballstáit eile ann nár chuir aon athrú suntasach ar a gcuid reachtaíochta. Deimhnítear le rialú na Cúirte Breithiúnais i gcás *Tele 2 agus Watson* go dtagann reachtaíocht náisiúnta lena rialaítear coinneáil sonraí agus rochtain ar shonraí chun críocha slándáil coiriúil agus phoiblí faoi raon dhlí AE agus, go háirithe, faoi Airteagal 15(1) den Treoir maidir le r-Phríobháideachtas (2002/58/CE) roimhe seo. Ní ceadmhach do reachtaíocht náisiúnta den sórt sin scéim ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach coinneála sonraí a fhorchur, agus ní mór coimircí nós imeachta agus substaintiúla a bheith ar áireamh inti maidir le rochtain ar shonraí a choimeádtar. Má choinníonn na Ballstáit reachtaíocht náisiúnta arna glacadh chun an Treoir um Shonraí a Choimeád (Treoir 2006/24/CE) roimhe seo a chorprú, nó má choinníonn siad reachtaíocht nach gcomhlíonann na ceanglais atá leagtha síos i gcásdlí na Cúirte

Breithiúnais, tá baol ann go ndéanfaidh siad dochar don urraim do chearta bunúsacha shaoránaigh AE agus don chinnteacht dhlíthiúil ar fud an Aontais.

Tuairim 7.3 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE a gcuid reachtaíochta a thabhairt i gcomhréir le breithiúnais na Cúirte Breithiúnais, agus a áirithiú nach bhfuil sonraí á gcoinneáil ag soláthraithe teileachumarsáide ar bhealach ghinearálta neamh-idirdhealaitheach. Ba cheart dianseiceálacha comhréireachta agus coimircí nós imeachta cuí a chur ar áireamh sa dlí náisiúnta ionas go gcinnteofar go héifeachtach na cearta chun príobháideachta agus na cearta chun cosaint sonraí pearsanta.

Mar thoradh ar fhorbairtí le déanaí i réimsí na hintleachta saorga agus an olltíomsaithe sonraí tá a lán tionscnaimh bheartais ann atá dírithe ar na buntáistí eacnamaíocha is mó is féidir a bhaint as teicneolaíochtaí nua. San am céanna, i gcás go leor de na tionscnaimh ó chomhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta éagsúla pléitear impleachtaí eiticíúla, agus níos annaimhe ná sin, impleachtaí ó thaobh chearta an duine agus cearta bunúsacha d'fhonn treoirlínte agus reachtaíocht bhog a chur chun cinn. Tá tús curtha ag a lán Ballstát agus institiúidí AE le hullmhú straitéisí náisiúnta maidir le hintleacht shaorga.

Tuairim 7.4 ó FRA

Ós rud é nach ráthaíonn ach cur chuige atá bunaithe ar chearta leibhéal ard cosanta i gcoinne mí-úsáid fhéideartha na nua-theicneolaíochtaí agus na n-éagóirí a bhaineann lena n-úsáid, ba cheart do na Ballstáit cearta bunúsacha a chur i gceartlár straitéisí náisiúnta maidir le hintleacht shaorga agus olltíomsú sonraí. Ba chóir go gcuimseofaí i straitéisí dá leithéid saineolas ó shaineolaithe i ndisciplíní éagsúla amhail dlíodóirí, eolaithe sóisialta, staitisteoírí, eolaithe ríomhaireachta agus saineolaithe ábhair. Is féidir le heitic comhlántacht a dhéanamh ar chur chuige atá bunaithe ar chearta ach níor cheart don eitic ionad an chur chuige sin a ghlacadh.

8 Cearta an Linbh

Tá leanbh as gach ceathrar san Aontas Eorpach i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh sóisialta, in ainneoin na treochta atá ag feabhsú go mall i dtreo bochtaineacht leanaí a laghdú. Ní bhaineann,, áfach, gach leanbh leas as an athrú treochta. Leanaí ar rugadh a dtuismitheoirí lasmuigh den Aontas Eorpach nó a bhfuil náisiúntacht eachtrach acu, is mó an seans go mbeidh siad bocht. Tháinig laghdú arís ar líon na leanaí imirceacha agus iarrthóirí tearmainn ar leanaí iad a tháinig chuig AE in 2018. Mar sin féin, i mBallstáit áirithe, bhí fadhb mhór fós ag baint leis na coinníollacha glactha – lena n-áirítear úsáid a bhaint as coinneáil inimirceach. In 2018, ghlac Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a chéad chinntí ar ghearáin indibhidiúla i gcoinne na mBallstát, maidir le cúinsí leanaí agus an chóir a cuireadh ar leanaí i gcomhthéacs na himirce. Bhí na Ballstáit mall go dtí seo maidir le Treoir (AE) 2016/800 a chorprú ina ndlí náisiúnta maidir le coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine faoi chúiseamh in imeachtaí coiriúla; tiocfaidh an treoir sin i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2019. Is beag acu a bhfuil a gcuid reachtaíochta ag teacht le riachtanais na treorach seo.

In ainneoin go bhfuil an treocht ag teacht anuas le cúig bliana anuas, tá bochtaineacht leanaí in AE fós. Tá baol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ar leanbh as gach ceathrar. Is díol imní é seo maidir leis an urraim a léirítear d’Airteagal 24 de Chairt AE um Chearta Bunúsacha lena bhforáiltear go mbeidh “ag leanaí an ceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail”. Ó 2016, i gcodarsnacht leis an treocht ghinearálta, tá cás na leanaí a bhfuil cúlra imirceach acu ag dul in olcas, ag méadú na héagthroime idir iadsan agus leanaí sa phobal i gcoitinne, de réir na sonraí is déanaí ó Eurostat. San am céanna, is beag trácht i ndáiríre atá ar bhochtaineacht leanaí sa Seimeastar Eorpach, go háirithe sna moltaí a bhaineann go sonrach le tír ar leith. Dá dheasca seo, tá an baol ann nach gcuirfí bochtaineacht leanaí san áireamh go leordhóthanach agus cistí poiblí, lena n-áirítear cistí AE, á n-eisioc. Forbairt dhearfach in 2018 ba ea an togra ón gCoimisiún Eorpach chun leanaí a chur san áireamh i measc thairbhíthe féideartha na ngníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh ionchuiimsiú sóisialta a chur chun cinn i gcomhthéacs Chiste Sóisialta na hEorpa+ i dtréimhse nua chistiúcháin de chuid AE, 2021-2027. Ag cur leis an móiminteam dearfach seo tá iarrachtaí ar bun chun togra seanbhunaithe Pharlaimint na hEorpa maidir le Scéim Eorpach um Ráthaíocht Leanaí a chur chun cinn agus a forbairt do leanaí atá i gcúinsí leochaileacha.

Tá plé agus gníomhartha chun bochtaineacht leanaí a chomhrac ábhartha freisin do chur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna). Is cuid de Chlár Oibre 2030 domhanda iad na SDGanna, ina leagtar amach an creat beartais don forbairt inbhuanaithe dhomhanda, agus atá bunaithe ar

oibleagáidí idirnáisiúnta um chearta an duine. Chuige sin, éilítear in SDG 1 go laghdófaí an bhochtaineacht, lena n-áirítear bochtaineacht leanaí, faoina leath faoi 2030. Tá an chuid is mó de Bhallstáit AE tar éis an chéad tuarascáil náisiúnta dheonach a chur isteach cheana féin maidir le cur chun feidhme na SDGanna, mar chuid den phróiseas athbhreithnithe bhliantúil a tharlaíonn gach bliain ag Fóram Polaitiúil Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe ar fhorbairt inbhuanaithe. Mar sin féin, níl tagairtí ar bith do bhochtaineacht leanaí i go leor de na tuarascálacha seo, nó níl iontu ach tagairtí an-teoranta.

Tuairim 8.1 ó FRA

Ba cheart go léireodh tosaíochtaí cistiúcháin de chuid AE agus de chuid na mBallstát an gá le bochtaineacht leanaí a laghdú ag na leibhéil atá mar aidhm ag an sprioc um forbairt inbhuanaithe maidir le bochtaineacht (SDG 1), d’fhonn leas an linbh a dhéanamh mar a leagtar síos in Airteagal 24 de Chairt AE um Chearta Bunúsacha. Chun é seo a bhaint amach, ba cheart go ndéanadh institiúidí AE agus na Ballstáit plé ar acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun bochtaineacht leanaí a chomhrac ag baint úsáid as na huirlisí go léir atá ar fáil, lena n-áirítear an Scéim Eorpach um Ráthaíocht Leanaí do leanaí atá i gcúinsí leochaileacha, má bhunaítear an Scéim sin. Thairis sin, ba cheart d’institiúidí AE leanúint de bhochtaineacht leanaí a thabhairt san áireamh i ngach céim den Seimeastar Eorpach, go háirithe i moltaí a bhaineann go sonrach le tír ar leith, i bhfianaise a dtionchair fhéideartha ar úsáid Chistí AE.

Ba cheart do Bhallstáit AE, i gcomhthéacs an mheasúnaithe SDG, plé a dhéanamh ar thagairtí sonracha do bheartais náisiúnta agus sonraí níos cuimsithí faoi bhochtaineacht leanaí a chur san áireamh ina dtuarascálacha deonacha athbhreithnithe náisiúnta, mar aon le haon torthaí ar mheasúnuithe tionchair ar bheartais ábhartha.

Lean an laghdú ar líon na leanaí imirceacha a tháinig chun na hEorpa. Rinne thart ar 150,000 leanbh iarratas ar thearmann in 2018, i gcomparáid le thart ar 200,000 in 2017 agus beagnach 400,000 in 2016. Faoin Treoir um Choinníollacha Glactha tugtar roinnt ráthaíochtaí do leanaí atá ag lorg tearmainn, amháil measúnú ar riachtanais speisialta leanaí (Airteagal 22), ceapachán ionadaí má tá an leanbh gan tionlacan (Airteagal 24), coinníollacha áirithe a bhunú agus coinneáil inimirce á húsáid (Airteagal 11), agus rochtain ar oideachas (Airteagal 14), ar ghairmoiliúint (Airteagal 16) agus ar fhostaíocht (Airteagal 15). Chabhraigh an líon laghdaithe leanaí le Ballstáit áirithe, ach ní leo go léir, saoráidí glactha leordhóthanacha a chur ar fáil do leanaí. Uaireanta ní dhearna siad soláthar fiú do riachtanais bhunúsacha, mar shampla uisce agus sláintíocht. Lean na Ballstáit d'inimircigh ar leanaí iad a choinneáil, in ainneoin na bpléití idirnáisiúnta maidir le coinneáil leanaí a theorannú ionas go mbeidh sé chomh híseal agus is féidir.

Tuairim 8.2 ó FRA

I gcomhthéacs na himirce, ba cheart do Bhallstáit AE, i gcomhréir leis an Treoir um Choinníollacha Glactha, tithíocht bhunúsach leordhóthanach, ionadaíocht dhlíthiúil, rochtain ar scolaíocht agus ar bhreiseoideachas a sholáthar do leanaí. Ba cheart do Bhallstáit iarrachtaí a mhéadú chun socruithe neamhchoinneála a fhorbairt de rogha ar choinneáil.

Tá go leor Ballstáit AE fós i mbun reachtaíocht nua nó leasuithe ar chreataí reachtaíochta atá ann cheana a dhréachtú nó a fhormheas chun an Treoir um Choimircí Nós Imeachta a chorprú. Faoin treoir seo ráthaítear coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó ina ndaoine faoi chúiseamh in imeachtaí coiriúla. Tá na Ballstáit chun an treoir a chorprú ina ndlí náisiúnta faoin 11 Meitheamh 2019. I gcomhthéacs imeachtaí ceartais don aos óg, tá sé de cheart ag leanaí eolas agus éisteacht a fháil ar bhealach atá saoráideach do leanaí, agus bearta cúnaimh dhlíthiúil agus cosanta príobháideachais á soláthar, mar a éilítear i roinnt airteagal den Treoir um Choimircí Nós Imeachta. Tá sé sainaitheanta ag taighde cistithe FRA agus an Choimisiúin Eorpaigh gur ábhar mór imní i gcónaí é an ceart seo a fheidhmiú go héifeachtach. Uaireanta tagann dúshlán phraiticiúla chun cinn mar gheall ar theorainneacha aoise difriúla i measc na mBallstát, soláthar cúnaimh dhlíthiúil a bheith ag brath ar cheanglais a bhaineann le hioncam, nó cumhachtaí lánroghnacha na ngníomhaithe breithiúnacha.

Tuairim 8.3 ó FRA

Le linn an Treoir maidir le coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó ina ndaoine faoi chúiseamh in imeachtaí coiriúla a chorprú sa dlí náisiúnta, ba cheart do Bhallstáit AE athbhreithniú a dhéanamh ar theorainneacha aoise nó ar choinníollacha eile a d'fhéadfadh bac a chur ó thaobh na praiticiúlachta de ar rochtain éifeachtach a bheith ag leanaí ar ráthaíochtaí nós imeachta áirithe. Ba cheart do Bhallstáit AE plé a dhéanamh freisin ar chúnaimh dlíthiúil a sholáthar do gach leanbh go neamhchoinníollach, lena n-áirítear ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ó thús deireadh na n-imeachtaí, agus dlíodóirí speisialaithe a chur ar fáil.



9 Rochtain ar cheartas, lena n-áirítear cearta d'íospartaigh na coireachta

Is cuid dhílis riachtanach den smacht reachta é neamhspleáchas na mbreithiúna. Lean na dúshláin a bhaineann leis an neamhspleáchas sin ag dul i méid, ag léiriú go soiléir gur gá na hiarrachtaí sa réimse seo a chomhordú go héifeachtach. Spreag sé seo Parlaimint na hEorpa chun iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle, den chéad uair, le cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 7 (1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus an Choimisiún Eorpach le togra a thíolacadh go dtabharfaí isteach rialachán chun aghaidh a thabhairt, ó thaobh cúrsaí buiséadacha de, ar easnaimh sa smacht reachta. Ghlac thart ar dhá thrian de Bhallstáit AE le reachtaíocht chun cur i bhfeidhm na Treorach um Chearta Íospartach a neartú, ag méadú na gcoimircí a bhaineann le rannpháirtíocht in imeachtaí coiriúla. Ag aithint go sainmhínítear i gCoimhinsiún Iostanbúl na caighdeáin Eorpacha um chosaint chearta an duine i réimse an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh, lean AE leis an bpróiseas chun an ionstraim a dhaingniú.

Tháinig dúshláin mhéadaitheacha roimh AE agus roimh chomhlachtaí idirnáisiúnta eile i réimse an cheartais ar leibhéal náisiúnta arís eile sa bhliain 2018, go háirithe maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna. Is é neamhspleáchas na mbreithiúna an bhonnchloch don smacht reachta agus do rochtain ar an gceartas (Airteagal 19 CAE agus Airteagal 47 de Chairt AE um Chearta Bunúsacha). In ainneoin iarrachtaí leanúnacha de chuid AE agus gníomhaithe idirnáisiúnta eile, ba dhíol mhéadaitheach imní an cás ina raibh an smacht reachta i roinnt Ballstát AE – go háirithe ó thaobh neamhspleáchas na mbreithiúna. Mar shampla, den chéad uair i stair AE, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gComhairle cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 7 (1) de CAE (cinneadh a dhéanamh maidir le riosca soiléir go ndéanfaidh Ballstát sárú tromchúiseach ar na luachanna comhchoiteanna dá dtagraítear in Airteagal 2 de CAE), agus ar an gCoimisiún Eorpach togra a thíolacadh le haghaidh rialachán lena dtugtar aghaidh, ó thaobh cúrsaí buiséadacha de, ar easnaimh ghinearálaithe maidir leis an smacht reachta. Ar na heasnaimh sin tá bagairtí ar neamhspleáchas na mbreithiúna; cinní treallacha nó neamhdhleathacha ag údarais phoiblí; infhaighteacht agus éifeachtacht theoranta réiteach dlí; mainneachtain breithiúnais a chur i bhfeidhm; agus srianta ar shárúithe dlí a imscrúdú go héifeachtach nó ar smachtbhannaí éifeachtacha ar na sárúithe dlí sin.

Tuairim 9.1 ó FRA

Moltar don Aontas Eorpach agus dá Bhallstát a gcuid iarrachtaí agus comhair a neartú tuilleadh chun neamhspleáchas na mbreithiúna a choimeád slán agus a threisiú, rud ar comhpháirt lárnach den smacht reachta é. Ba cheart na hiarrachtaí atá ann cheana a threisiú chun critéir agus measúnuithe comhthéacsúla a fhorbairt chun treoir a thabhairt do Bhallstáit AE ar bhealach rialta agus comparáideach chun aon saincheisteanna féideartha a bhaineann leis an smacht reachta a shainaithint agus dul i ngleic leis na saincheisteanna sin. Bheadh measúnuithe rialta dá leithéid ríthábhachtach freisin i gcomhthéacs an rialacháin AE atá beartaithe agus é mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar easnaimh ghinearálaithe maidir leis an smacht reachta. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstáit AE lena mbaineann gníomhú ar mholtaí amhail na cinn a d'éisigh an Coimisiún Eorpach mar chuid dá nós imeachta maidir le Creat Smachta Reachta, chomh maith le próiseas an tSásra Comhair agus Fíorúcháin, chun comhlíonadh an smachta reachta a áirithiú.

I measc na bhforbairtí dearfacha in 2018 bhí níos mó Ballstát AE ag glacadh reachtaíochta chun an Treoir um Chearta Íospartach (2012/29/AE) a chur chun feidhme. De réir an taighde áitiúil i gcuid de na Ballstáit, léirítear go mbíonn baic fós roimh íospartaigh agus iad ag iarraidh coireanna a thuairisciú agus nach ndéantar a gcearta a chur chun feidhme go héifeachtach ar leibhéal éagsúla, lena n-áirítear gnéithe de na nósanna imeachta. I roinnt Ballstát tharla forbairtí dearfacha a bhí dírithe ar íospairt bhreise nó thánaisteach a chosc. Ghlac Parlaimint na hEorpa an 30 Bealtaine 2018 rún maidir le cur chun feidhme na Treorach um Chearta Íospartach, inar cháin sé an chaoi ar chlis an Coimisiún a thuarascáil ar chur chun feidhme na treorach a sheachadadh i gcomhréir le hAirteagal 29 den treoir.

Tuairim 9.2 ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE leanúint dá n-iarrachtaí chun cearta íospartach a chur i bhfeidhm go héifeachtach ionas go gcinnteofar feasacht maidir le cearta, rochtain ar sheirbhísí tacaíochta is iomchuí agus réitigh éifeachtacha a chur ar fail d'íospartaigh na coireachta.

In 2018, d'oibrigh an tAontas Eorpach i dtreo Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh

a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) a dhaingniú. Dhaingnigh trí Bhallstát eile de chuid AE é, rud a fhágann go raibh 20 Ballstát ar an iomlán in AE tar éis an coinbhinsiún a dhaingniú faoi dheireadh 2018. Is é Coinbhinsiún Iostanbúl an pointe tagartha is tábhachtaí nuair atáthar ag cinneadh caighdeáin Eorpacha le mná a chosaint ar fhoréigean. Go háirithe, le hAirteagal 36 cuirtear oibleagáid ar Stáit is Páirtithe gach cineál gníomhartha gnéasacha neamh-chomhthoiliúla a choiriúlú agus cur chuige a ghlacadh lena leagtar béim ar fhéinriar gnéasach neamhchoinníollach an duine agus lena dtreisiú é sin. In 2018, ghlac roinnt Ballstát bearta chun a reachtaíocht a thabhairt i gcomhréir leis an riachtanas seo den choinbhinsiún.

Tuairim 9.3 ó FRA

Maidir le gach Ballstát AE nach bhfuil sé déanta fós acu, agus AE féin, moltar dóibh Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) a dhaingniú. Molann FRA do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cosanta sa reachtaíocht náisiúnta agus a machnamh a dhéanamh ar ghníomhartha coiriúla a dhéanamh de na ngníomhartha gnéasacha neamh-chomhthoiliúla go léir mar atá leagtha síos in Airteagal 36 de Choinbhinsiún Iostanbúl.



10 Forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

Deich mbliana tar éis do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) teacht i bhfeidhm, bhí an coinbhinsiún daingnithe ag Ballstáit uile AE faoi 2018. Ar leibhéal AE, garsprioc thábhachtach chun CRPD a chur chun feidhme ba ea an comhaontú sealadach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle maidir leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht atá beartaithe. Chomh maith le bearta chun cearta daoine faoi mhíchumas a ráthú in ionstraimí cistiúcháin de chuid AE don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil, 2021-27, léirigh sé seo an chaoi a bhfuil tionchar ag CRPD ar dhlí AE agus ar bheartas AE ar bhealaí nithiúla. Ar bhonn náisiúnta, bhí bearnaí fós i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán CRPD. Mar sin féin, i dtionscnaimh i roinnt Ballstát chun rannpháirtíocht i bpróisis chinnteoireachta a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus dá n-eagraíochtaí ionadaíocha léiríodh dul chun cinn céimnithe maidir le ceann de phríomhspríocanna CRPD a bhaint amach.

Tá ról tábhachtach ag Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta an Aontais (CSIE) maidir le tacú le hiarrachtaí náisiúnta chun maireachtáil neamhspleách a bhaint amach. Leis na rialacháin atá beartaithe don tréimhse chistiúcháin 2021-27, áirítear ráthaíochtaí tábhachtacha i leith cearta bunúsacha, go háirithe na coinníollacha cumasúcháin, mar a thugtar orthu, agus an ról níos láidir atá le bheith ag coistí faireacháin. Is féidir leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas agus comhlachtaí náisiúnta um chearta an duine, ról tábhachtach a bheith acu i bhfaireachán éifeachtach ar úsáid na gcistí.

Chun faireachán éifeachtach ar na cistí agus ar a dtorthaí a chumasú, ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit bearta a chur i gcrích chun eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas agus comhlachtaí náisiúnta um chearta an duine a chur san áireamh i gcoistí faireacháin CSIE. Trí acmhainní daonna agus cistiú leordhóthanach a leithdháileadh ar na heagraíochtaí agus na comhlachtaí sin, agus acmhainní de chuid AE a chur ar leataobh chun na críche sin, treiseofar éifeachtúlacht na gcoinníollacha cumasúcháin atá beartaithe.

Tuairim 10.1 ó FRA

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát a áirithiú go ndéanfar cearta na ndaoine faoi mhíchumas a chumhdaítear sa Choinbhinsiún agus i gCairt AE um Chearta Bunúsacha a urramú go hiomlán chun an chuid is fearr a bhaint as an acmhainneacht atá ag Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) tacú le maireachtáil neamhspleách. Maidir leis seo, ba cheart don reachtóir AE na coinníollacha nua cumasúcháin a ghlacadh lena mbunaítear cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme éifeachtach Chairt AE um Chearta Bunúsacha agus CRPD, mar atá leagtha síos i Rialachán na bhForálacha Coiteanna a mhol an Coimisiún Eorpach don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil, 2021-2027.

Chuir AE agus a lán de na Ballstáit bearta i gcrích chun daoine faoi mhíchumas a thabhairt isteach sa phróiseas déanta dlí agus beartais, i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi Airteagal 4 (3) de CRPD. Mar sin féin, is minic go fóill féin nach dtéitear i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas nó nach mbíonn siad rannpháirteach go gníomhach, de réir mar a éilítear sa choinbhinsiún. Is féidir le heaspa struchtúir fhoirmiúla chun rannpháirtíocht chórasach a chinntiú, chomh maith le heaspa acmhainneacht dhaonna agus airgeadais chun páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin, a bheith i gcúis le daoine faoi mhíchumas a bheith eisiatá ó dhearadh, ó chur chun feidhme agus ó fhaireachán iarrachtaí chun an coinbhinsiún a chur chun feidhme.

Tuairim 10.2 ó FRA

Ba cheart d'institiúidí AE agus do Bhallstáit AE daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trína n-eagraíochtaí ionadaíocha, a chuimsiú go dlúth i bpróisis chinnteoireachta. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit agus d'institiúidí AE rannpháirtíocht eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas a neartú, lena n-áirítear trí chomhlachtaí comhairleacha nó comhairliúcháin a bhunú. Ba chóir d'ionadaithe daoine faoi mhíchumas a bheith ina mbaill iomlána de na comhlachtaí sin, ar bhonn combhionann le daoine eile, agus rochtain a bheith acu ar na hacmhainní is gá chun páirt a ghlacadh go fóinteach.

Ina theannta sin, níl an Prótacal Roghnach a ghabhann le CRPD daingníthe ag sé Bhallstát ná ag AE go fóill, rud lena gceadaítear do dhaoine aonair gearáin a chur faoi bhráid Choiste CRPD agus lena gceadaítear don choiste fiosrúcháin rúnda a thionscnamh tar éis dó "faisnéis iontaofa ina dtugtar le fios go ndearnadh sárúithe tromchúiseacha nó córasacha" ar an gcoibhinsiún (Airteagal 6) a fháil.

Tuairim 10.3 ó FRA

Maidir le Ballstáit AE nach bhfuil ina bpáirtí sa Phrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoibhinsiún go fóill, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar na bearta riachtanacha a chur i gcrích chun é a dhaingniú ar mhaithe le daingniú iomlán an Phrótacail Roghnaigh ar fud AE a bhaint amach. Ba cheart don Aontas Eorpach breithniú a dhéanamh freisin ar bhearta tapa a dhéanamh chun glacadh leis an bPrótacal Roghnach.

Ní raibh ach aon Bhallstát amháin ann nach raibh, faoi dheireadh 2018, tar éis creat a bhunú chun cur chun feidhme an choinbhinsiúin a chur chun cinn, a chosaint agus a chur faoi fhaireachán, de réir mar a cheanglaítear faoi Airteagal 33 (2) de CRPD. Ina dhiaidh sin féin, tá an bonn á bhaint ó fheidhmiú éifeachtach roinnt creataí reatha mar gheall ar na nithe seo a leanas: an easpa acmhainní atá ar fáil, an sainordú teoranta atá ag gabháil leo, agus an cliseadh chun rannpháirtíocht chórasach daoine faoi mhíchumas a áirithiú, mar aon leis an easpa neamhspleáchais atá ann i gcomhréir le Prionsabail Pháras maidir le feidhmiú institiúidí náisiúnta um chearta an duine.

Tuairim 10.4 ó FRA

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit breithniú a dhéanamh ar acmhainní airgeadais agus daonna atá dóthanach agus cobhsaí a leithdháileadh ar na creataí faireacháin arna mbunú faoi Airteagal 33(2) de CRPD. Mar atá leagtha amach i dTuairim FRA ó 2016 maidir leis na ceanglais faoi Airteagal 33 (2) de CRPD laistigh de chomhthéacs AE, ba cheart dóibh inmharthanacht agus neamhspleáchas creataí faireacháin a ráthú trína áirithiú go mbaineann siad leas as bonn láidir dlíthiúil dá gcuid oibre. Ba cheart Prionsabail Pháras maidir le feidhmiú institiúidí náisiúnta um chearta an duine a thabhairt san áireamh i gcomhdhéanamh agus in oibriú na gcreataí faireacháin.





Tógadh céimeanna chun tosaigh agus céimeanna siar araon i ndáil le cearta bunúsacha a chosaint sa bhliain 2018. Féachtar sa *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha, 2019* ó FRA ar na mórffhorbairtí san Aontas Eorpach idir Eanáir agus Nollaig 2018 agus leagtar amach inti na tuairimí ó FRA ina leith. Agus aird á tarraingt ar na rudaí atá curtha i gcrích agus ar na rudaí ar ábhair inmí iad go fóill, soláthraítear sa tuarascáil léargas ar na príomhcheisteanna a bhfuil díospóireachtaí ar fud AE maidir le cearta bunúsacha á mbunú orthu.

I gcaibidil fócais na bliana seo scrúdaítear an t-idirghaol idir cearta an duine agus cearta bunúsacha agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Sna caibidlí eile, pléitear Cairt AE um Chearta Bunúsacha agus an úsáid atá á baint ag Ballstáit as an gcairt; combhionannas agus neamh-idirdhealú; ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt atá bainteach leo; lánpháirtiú na Romach; tearmann agus imirce; an tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí; cearta an linbh; rochtain ar an gceartas; agus forbairtí i dtaca le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

Tuilleadh faisnéise:

Chun teacht ar an *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha, 2019* ó FRA ina hiomláine — féach <http://fra.europa.eu/en/publication/2019/fundamental-rights-report-2019>

Féach foilseacháin ghaolmhara de chuid FRA chomh maith:

- FRA (2019), *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha, 2019 — Tuairimí ó FRA*, Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, <http://fra.europa.eu/en/publication/2019/fundamental-rights-report-2019-fra-opinions> (ar fáil i ngach ceann de 24 teanga oifigiúil an AE)
- FRA (2019), *Cur chun Feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe san AE: ceist a bhaineann le cearta an duine agus cearta bunúsacha*, Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, <http://fra.europa.eu/en/publication/2019/fr-2019-focus-sdgs-eu> (ar fáil i mBéarla agus i bhFraincis)

Le teacht ar thuarascálacha bliantúla roimhe seo de chuid FRA maidir le dúshlán agus gnóthú spriocanna i réimse na gceart bunúsach san Aontas Eorpach i mbliain ar leith, féach: <http://fra.europa.eu/en/publications-and-resources/publications/annual-reports> (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis).



FRA — GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA

Schwarzenbergplatz 11 — 1040 Vín — an Ostair
T +43 158030-0 — F +43 158030-699
fra.europa.eu
[facebook.com/fundamentalrights](https://www.facebook.com/fundamentalrights)
[linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency](https://www.linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency)
twitter.com/EURightsAgency



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

Lucsamburg: Oifig na bhFoilseachán, 2019
© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, 2019
© Grianghraif (ón uachtar ar chlé go dtí an t-íochtar ar dheis): iStockphoto;
An tAontas Eorpach; iStockphoto (Uimh. 3 & 4);
OSCE (Milan Obradovic); iStockphoto (Uimh. 6-10)

PDF: ISBN 978-92-9474-673-3 ISSN 2467-2823 doi:10.2811/0070